Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Meán Fómhair 2026**
**(OR. en)**

**13394/26**

**SAN 664**
**PHARM 153**
**DELACT 149**
**PROCIV 180**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 4673 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 18.9.2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le páirt-rochtain a dheonú do thríú tíortha agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta ar fheidhmiúlachtaí an ardáin dhigitigh um fhaireachas |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 4673 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 4673 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.9.2026
C(2026) 4673 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 18.9.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le páirt-rochtain a dheonú do thríú tíortha agus d’eagraíochtaí idirnáisiúnta ar fheidhmiúlachtaí an ardáin dhigitigh um fhaireachas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE, leathnaíodh an creat dlíthiúil maidir le faireachas eipidéimeolaíoch a dhéanamh ar ghalair theagmhálacha agus ar shaincheisteanna sláinte speisialta gaolmhara. Leagtar béim freisin i Rialachán (AE) 2022/2371 ar chomhar leathnaithe an Aontais, a Bhallstát, na n-eagraíochtaí idirnáisiúnta, go háirithe an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) agus tríú tíortha, lena bhfeabhsaítear iarrachtaí comhchoiteanna maidir le faireachán a dhéanamh ar ghalair agus galair a chosc.

Leagtar amach sa ghníomh tarmligthe seo na coinníollacha faoina bhféadfar rochtain a thabhairt do thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas, d’iarrthóirí ionchasacha, do thríú tíortha laistigh de réigiún Eorpach EDS, agus do EDS ar an ardán digiteach chun faireachas a dhéanamh ar ghalair theagmhálacha agus ar shaincheisteanna sláinte speisialta gaolmhara (EpiPulse).

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 31(4) de Rialachán (AE) 2022/2371, chuaigh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin, sular ghlac sé an gníomh tarmligthe seo, le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an Sainghrúpa um Shláinte Phoiblí a bunaíodh i gcomhréir le Cinneadh C(2022)8816[1]. Thug an Sainghrúpa um Shláinte Phoiblí aghaidh ar an ábhar seo le linn dhá chruinniú fhíorúla in Iúil agus Nollaig 2025. Chuathas i gcomhairle freisin le Pointí Fócais Náisiúnta ECDC um Fhaireachas, Micribhitheolaíocht agus Brath Bagairtí.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Tá an gníomh tarmligthe comhsheasmhach leis na prionsabail a leagtar síos i reachtaíocht ábhartha AE, go háirithe Rialachán (AE) 2022/2371. Tá sé bunaithe ar Airteagal 14(7), pointe (a), de, lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun Rialachán (AE) 2022/2371 a fhorlíonadh a bhaineann leis na cásanna inar féidir páirt-rochtain ar fheidhmiúlachtaí an ardáin dhigitigh um fhaireachas a thabhairt do thríú tíortha agus d’eagraíochtaí idirnáisiúnta lena mbaineann, agus na coinníollacha faoinar féidir sin a dhéanamh, agus na socruithe praiticiúla maidir leis an rochtain sin.

Ba cheart an gníomh tarmligthe a bheith infheidhme ón dáta a thiocfaidh sé i bhfeidhm.

[1] Cinneadh ón gCoimisiún an 7.12.2022 lena mbunaítear grúpa saineolaithe um shláinte phoiblí de chuid an Choimisiúin agus lena n-aisghairtear Cinneadh ón gCoimisiún lena mbunaítear grúpa saineolaithe de chuid an Choimisiúin ‘Grúpa Stiúrtha um Chur Chun Cinn na Sláinte, um Ghalair a Chosc agus um Ghalair Neamhtheagmhálacha a Bhainistiú’ IO C, C/471, 12.12.2022, lch. 8.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18.9.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le páirt-rochtain a dheonú do thríú tíortha agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta ar fheidhmiúlachtaí an ardáin dhigitigh um fhaireachas**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE[1], agus go háirithe Airteagal 14(7), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déantar foráil i Rialachán (AE) 2022/2371 maidir le comhar an Aontais i réimse an fhaireachais sláinte poiblí le tríú tíortha agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta, mar a shainmhínítear in Airteagal 3(21) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2].

(2) Leagtar béim shonrach i Rialachán (AE) 2022/2371 ar a thábhachtaí atá sé don Aontas comhoibriú leis an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ('EDS'). Tá sainordú EDS i réimse na ngalar teagmhálach cosúil le sainordú an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú ('ECDC'). Cuimsíonn Réigiún Eorpach EDS na Ballstáit uile. Tá roinnt galar faoi chomhfhaireachas ag ECDC agus EDS. Le comhar sineiristeach le EDS, áirithítear comhlántacht na n-iarrachtaí agus dúbláil oibre do na Ballstáit á seachaint an tráth céanna.

(3) Cumhdaítear dhá chur chuige faireachais chomhlántacha in Airteagal 13 de Rialachán (AE) 2022/2371. Braitheann faireachas táscaire-bhunaithe ar shonraí struchtúrtha réamhshainithe a bhailítear go rialta chun faireachán a dhéanamh ar tháscairí eipidéimeolaíocha. Le hAirteagal 13(3), pointe (a), bunaítear an oibleagáid sonraí agus faisnéis inchomparáide comhoiriúnach i ndáil le cumarsáid a dhéanamh maidir le faireachas eipidéimeolaíoch na ngalar teagmhálach agus na saincheisteanna sláinte lena mbaineann dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointí (a)(i) agus (a)(ii). Le faireachas teagmhasbhunaithe, bailítear faisnéis ad hoc faoi theagmhais sláinte neamhghnácha a d'fhéadfadh bagairt thromchúiseach trasteorann ar an tsláinte a chur in iúl. Ceanglaítear le hAirteagal 13(3), pointí (b) agus (c), cumarsáid a dhéanamh i ndáil le

[1] IO L 314, 6.12.2022, lch. 26.

[2] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

faisnéis ábhartha maidir le dul chun cinn cásanna eipidéime agus feiniméan eipidéime neamhghnách nó galar teagmhálach nua de bhunús anaithnid.

(4) Tá dhá fheidhmiúlacht san ardán digiteach chun faireachas a dhéanamh ar ghalair theagmhálacha ar leibhéal an Aontais ('EpiPulse'). Le 'Cásanna EpiPulse', an modúl le haghaidh faireachas táscairebhunaithe, is féidir sonraí náisiúnta struchtúrtha a bhailiú, a bhailíochtú, a stóráil agus a scaipeadh go tréimhsiúil maidir le cásanna agus aonraígh phataigine galar agus saincheisteanna sláinte speisialta lena mbaineann atá faoi réir faireachas eipidéimeolaíoch ar leibhéal an Aontais de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/XXX ón gCoimisiún[3] [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2026)6011*]. Tacaíonn 'EpiPulse Events', an modúl le haghaidh faireachas teagmhasbhunaithe, le tuairisciú agus faireachán pras ar aon imeacht náisiúnta a d'fhéadfadh a bheith ina bhagairt trasteorann don tsláinte phoiblí.

(5) Chun tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus iarrthóirí ionchasacha ar aontachas leis an Aontas a ullmhú, féadfaidh siad sonraí faireachais náisiúnta a thuairisciú do Chásanna EpiPulse. Féadfaidh tríú tíortha i Réigiún Eorpach EDS tuairisciú do Chásanna EpiPulse freisin faoi shocruithe comhpháirteacha faireachais idir ECDC agus EDS chun sineirgí a chur chun cinn agus dúbláil iarrachtaí bailithe sonraí a sheachaint. Chun sonraí faireachais táscaire-bhunaithe na mBallstát a chosaint, ba cheart rochtain aon tríú tír ar shonraí faireachais i gCásanna EpiPulse a theorannú do na sonraí faireachais a sholáthraíonn an tír féin.

(6) Chun tuairisciú dúbailte chuig ECDC agus EDS a sheachaint, féadfar rochtain a thabhairt do EDS ar shonraí faireachais i gCásanna EpiPulse maidir leis na galair atá faoi chomhfhaireachas agus na galair atá le tuairisciú do EDS faoi na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) nó faoi thionscnaimh faireachais réigiúnacha nó dhomhanda eile.

(7) Féadfar rochtain pháirteach a thabhairt do thríú tíortha ar EpiPulse Events má dhéanann bagairt thromchúiseach trasteorann leanúnach ar an tsláinte atá ábhartha don Aontas difear dóibh nó más rud é go bhféadfadh bagairt a bhraitear laistigh den Aontas a bheith ábhartha freisin don tsláinte phoiblí i dtríú tíortha agus, dá bhrí sin, go n-éilítear malartú faisnéise idir na tríú tíortha sin agus an tAontas. Chun críocha luathrabhaidh agus freagartha, féadfar rochtain a thabhairt do EDS ar mhíreanna in EpiPulse Events má tá tábhacht trasteorann ag baint leo laistigh den Aontas, más féidir leo a bheith núíosach nó ábhartha do thríú tíortha.

(8) Ní mór d'aon aistriú sonraí pearsanta chuig tríú tíortha agus chuig eagraíochtaí idirnáisiúnta na hoibleagáidí a leagtar síos faoi Rialachán (AE) 2018/1725 agus Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh[4].

---

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/XXX ón gCoimisiún an XXX maidir leis na galair theagmhálacha agus na saincheisteanna sláinte speisialta lena mbaineann atá faoi réir faireachas eipidéimeolaíoch agus na sainmhínithe cáis comhfhreagracha, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2018/945 ón gCoimisiún (IO L, 2026/XXX, XXX, ELI: XXX).

[4] Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32016R0679).

(9) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug an Maoirseoir tuairim uaidh an 10 Lúnasa 2026,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Raon feidhme**

Leagtar amach sa Rialachán seo na cásanna inar féidir páirt-rochtain ar fheidhmiúlachtaí EpiPulse a thabhairt do thríú tíortha agus d'eagraíochtaí idirnáisiúnta, na coinníollacha faoinar féidir sin a dhéanamh, chomh maith leis na socruithe praiticiúla don rochtain sin.

*Airteagal 2*

**Cásanna agus coinníollacha maidir le páirt-rochtain a thabhairt ar Chásanna EpiPulse**

1. Féadfaidh ECDC páirt-rochtain ar Chásanna EpiPulse a thabhairt do thíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus d'iarrthóirí ionchasacha má thugann an Coimisiún treoir dóibh i gcomhréir leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5]. Beidh rochtain tíre is iarrthóir nó is iarrthóir ionchasach ar Chásanna EpiPulse teoranta do sholáthar agus aisghabháil a sonraí faireachais náisiúnta féin agus ní dheonófar í go dtí go mbeidh socrú riaracháin idir ECDC agus údarás inniúil na tíre is iarrthóir nó an iarrthóra ionchasaigh maidir le gnéithe praiticiúla áirithe den chomhar sínithe nó glactha.

2. Féadfaidh ECDC rochtain pháirteach a thabhairt do thríú tíortha i Réigiún Eorpach na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) ar Chásanna EpiPulse i gcás galair atá faoi chomhfhaireachas ag ECDC agus EDS. Beidh rochtain tríú tír ar Chásanna EpiPulse teoranta do sholáthar agus aisghabháil a sonraí faireachais náisiúnta féin agus ní dheonófar í ach amháin tar éis socrú riaracháin idir ECDC agus EDS maidir le gnéithe praiticiúla áirithe den chomhar a bheith sínithe nó glactha.

3. Féadfaidh ECDC páirt-rochtain a thabhairt do EDS:

   (a) cásanna a bhaineann le galair atá faoi chomhfhaireachas ag ECDC agus EDS a chur faoi bhráid EpiPulse. Leathnófar rochtain ar ghalair den sórt sin chun na sonraí faireachais ó Réigiún Eorpach EDS ina iomláine a chumhdach;

   (b) trí aistrithe sonraí ó ECDC chuig EDS, chuig na sonraí faireachais arna dtuairisciú ag na Ballstáit agus arna stóráil i gCásanna EpiPulse má tá na sonraí sin le tuairisciú do EDS faoi na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005)[6] nó faoi thionscnaimh faireachais réigiúnacha nó dhomhanda eile.

   Ní dheonófar aon pháirt-rochtain EDS ar Chásanna EpiPulse ná ar na sonraí a stóráiltear iontu go dtí go mbeidh socrú riaracháin idir ECDC agus EDS maidir le gnéithe praiticiúla áirithe den chomhar sínithe nó glactha.

---

5 Rialachán (AE) 2021/1529 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Meán Fómhair 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (IPA III) (IO L 330, 20.9.2021, lgh. 1–26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1529/oj),

6 Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta, arna nglacadh ag an 58ú Comhthionól Domhanda Sláinte an 23 Bealtaine 2005, agus arna leasú ag an 75ú Comhthionól Domhanda Sláinte trí rún WHA75.12 (2022) agus ag an 77ú Comhthionól Domhanda Sláinte trí rún WHA77.17 (2024).

*Airteagal 3*

**Socruithe praiticiúla maidir le páirt-rochtain a thabhairt ar Chásanna EpiPulse**

1. Má dheonaíonn ECDC páirt-rochtain ar Chásanna EpiPulse i gcomhréir le hAirteagal 2(1), deonóidh sé an rochtain sin ar na pointí teagmhála ábhartha arna n-ainmniú ag na tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas agus ag na tíortha is iarrthóirí ionchasacha i gcomhréir leis an nós imeachta maidir le ballraíocht sna líonraí tiomnaithe maidir le faireachas a leagtar síos in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/XXX ón gCoimisiún[7] [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2026)6010*].

2. Má thugann ECDC páirt-rochtain ar Chásanna EpiPulse i gcomhréir le hAirteagal 2(2), deonóidh sé an rochtain sin do na pointí teagmhála ábhartha arna n-ainmniú ag tríú tíortha de Réigiún Eorpach EDS. Déanfaidh ECDC amhlaidh tar éis dó ainmneacha, sonraí teagmhála, agus cleamhnachtaí na bpointí teagmhála ainmnithe, chomh maith leis an ngalar/na galair a bhfuil siad ainmnithe ina leith, a fháil trí EDS. I gcás tíortha is iarrthóirí agus iarrthóirí ionchasacha, deonóidh ECDC rochtain ar an mbealach dá dtagraítear i mír 1.

3. Má thugann ECDC páirt-rochtain ar Chásanna EpiPulse i gcomhréir le hAirteagal 2(3), deonóidh sé an rochtain sin do na pointí teagmhála ábhartha arna n-ainmniú ag EDS. Déanfaidh ECDC amhlaidh tar éis dó ainmneacha agus sonraí teagmhála na bpointí teagmhála ainmnithe, chomh maith leis an ngalar/na galair a bhfuil siad ainmnithe ina leith, a fháil ó EDS.

4. Féadfaidh ECDC sonraí faireachais an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 2(3), pointe (b), a aistriú chuig EDS thar ceann na mBallstát. Feidhmeoidh ECDC mar phróiseálaí sonraí thar ceann na mBallstát i gcás ina gcáilíonn sonraí den sórt sin mar shonraí pearsanta.

*Airteagal 4*

**Cásanna agus coinníollacha maidir le rochtain pháirteach a thabhairt ar EpiPulse Events**

1. Féadfaidh ECDC rochtain a thabhairt do thríú tír ar mhír aonair in EpiPulse Events chomh maith le rochtain ar thuarascálacha srianta rialta arna dtáirgeadh ag ECDC agus arna gcomhroinnt laistigh de EpiPulse Events má chomhlíonann an tír na hoibleagáidí cosanta sonraí a leagtar síos in Airteagail 47 agus 48 de Rialachán (AE) 2018/1725 agus má chomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) Le rochtain ar an mír in EpiPulse Events, is féidir le tríú tír teagmhas sláinte poiblí a thuairisciú don Aontas de dheasca galar teagmhálach ina dtír féin a d'fhéadfadh a bheith ina bhagairt don Aontas freisin;

   (b) Cinneann ECDC go bhféadfadh rochtain tríú tír ar mhír shonrach in EpiPulse Events dul chun tairbhe do chosc agus rialú galar sa tír sin.

   Ní dheonófar aon pháirt-rochtain tríú tír ar EpiPulse Events go dtí go mbeidh socrú riaracháin sínithe nó glactha idir ECDC agus údarás inniúil an tríú tír maidir le gnéithe praiticiúla áirithe den chomhar.

[7] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/XXX ón gCoimisiún an XXX lena mbunaítear nósanna imeachta maidir le hoibriú an líonra um fhaireachas eipidéimeolaíoch (IO L, XXX, ELI: XXX).

2. Féadfaidh ECDC rochtain a thabhairt do EDS ar mhír aonair in EpiPulse Events, ar chearta chun rannchuidiú leis an mír sin agus míreanna a chruthú i gcás inarb ábhartha chomh maith le rochtain ar thuarascálacha srianta rialta arna dtáirgeadh ag ECDC agus arna gcomhroinnt laistigh de EpiPulse Events má chomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) tá tábhacht trasteorann ag baint leis an mír laistigh den Aontas;

(b) go mbaineann an ítim le bagairt galair theagmhálaigh don tsláinte phoiblí a d'fhéadfadh a bheith nua;

(c) baineann an mhír seo le tríú tíortha.

Ní dheonófar aon pháirt-rochtain EDS ar EpiPulse Events go dtí go mbeidh socrú riaracháin idir ECDC agus EDS maidir le gnéithe praiticiúla áirithe den chomhar sínithe nó glactha.

*Airteagal 5*

**Socruithe praiticiúla maidir le páirt-rochtain a thabhairt ar EpiPulse Events**

1. Má dheonaíonn ECDC rochtain ar mhír aonair ábhartha in EpiPulse Events i gcomhréir le hAirteagal 4(1), deonóidh sé an rochtain sin ar na pointí teagmhála ábhartha arna n-ainmniú ag tríú tír le haghaidh réimse an ghalair faoina dtagann an mhír. Déanfaidh ECDC amhlaidh tar éis dó ainmneacha, sonraí teagmhála, agus cleamhnachtaí na bpointí teagmhála ainmnithe, chomh maith leis an réimse galair/na réimsí galair a bhfuil siad ainmnithe ina leith, a fháil ón tríú tír.

2. Má dheonaíonn ECDC rochtain ar mhír aonair ábhartha in Imeachtaí EpiPulse i gcomhréir le hAirteagal 4(2), deonóidh sé an rochtain sin ar na pointí teagmhála ábhartha arna n-ainmniú ag EDS don fhearann galair faoina dtagann an mhír. Déanfaidh ECDC amhlaidh tar éis dó ainmneacha agus sonraí teagmhála na bpointí teagmhála ainmnithe, chomh maith leis an réimse galar/na réimsí galair a bhfuil siad ainmnithe ina leith, a fháil ó EDS.

*Airteagal 6*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18.9.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*